2024/237

17.1.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/237 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Eanáir 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a mhéid a bhaineann le foilsiú tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach le haghaidh sciath poileitiléin-bhunaithe trí chiseal chun píopaí cruach agus táirgí foirgníochta eile a chosaint ó chreimeadh

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE ([1]), agus go hairithe Airteagal 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, tar éis iarrataí ó mhonaróirí le haghaidh Measúnuithe Teicniúla Eorpacha, ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil 26 Dhoiciméad um Measúnú Eorpach agus ceartúchán amháin.

(2) Is leis na tagairtí seo a leanas a bhaineann na Doiciméid um Measúnú Eorpach a ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil:

— sciath poileitiléin-bhunaithe trí chiseal chun píopaí cruach a chosaint ó chreimeadh;

— mataí inslithe de dhéantús monarcha déanta as snáithíní gloine agus silice éagruthach;

— táirgí cúir polúireatáin dhocht cille-oscailte (PUR) cúir poilisicianúráite (PIR) le haghaidh trealamh tógála agus suiteálacha tionsclaíocha;

— feisteáin simléir le líneálach múcháin cré nó ceirmeach le hinsliú teirmeach méadaithe cóngarach dó nó ballaí seachtracha ceangailte le greamachán polúireatán-bhunaithe nó teaglaim den dá rud;

— cláir phlástar gipseam, cláir gipseam ag a bhfuil treisiú snáithíneach agus cláir ghloine leathnaithe ag a bhfuil treisiú snáithíneach chun eilimintí foirgníochta a chlúdach agus a líneáil (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil 'EAD 070001-01-0504')';

— feisteáin le haghaidh cumhdaigh ballaí seachtracha feistithe go meicniúil (a fhorchuireann an tsonraíocht theicniúil 'EAD 090062-00-0404');

— feisteáin le haghaidh cumhdaigh ballaí seachtracha greamaithe den fho-fhráma;

— feisteáin le haghaidh cumhdaigh ballaí seachtracha le heilimintí cumhdaigh dochta ilchodacha;

— slata greamaithe le gliú le haghaidh naisc adhmaid;

— feisteáin chun ancaire carraige agus ithreach a thógáil – Feisteáin le barraí snáithe déanta as cruach nó cruach réamhstrusála;

— feisteáin chun eilimintí coincréite a neartú trí stiallacha polaiméire treisithe snáithíní carbóin atá nasctha go seachtrach;

— comhlaí folúis le húsáid i gcórais séarachais;

— córais cosanta creimthe le téipeanna fillte le haghaidh comhpháirteanna ualachiompartha miotalacha;

— péint fhrithchreimneach le haghaidh cruaiche;

— córas cúplála tíleanna dín;

— feisteáin le haghaidh díonta glasa ag a bhfuil eilimintí dín ghlais déanta as plaisteach agus maille lena fheistí suiteála;

— feisteáin dín agus bhalla féintacaithe thréshoilseacha le clúdach déanta as leatháin phlaisteacha, lena n-áirítear leatháin theimhneacha;

([1]) IO L 88, 4.4.2011, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

— díon cruach tanaí agus painéil chumhdaigh balla;

— fuinneoga síleála agus gléasanna soilsithe lae síleála;

— fuinneog dín ag a bhfuil eilimint bhalcóin chomhtháite;

— snáithíní le haghaidh snáithíní coincréite – snáithíní cruach arna n-aisghabháil ó bhoinn a bhfuil a ré caite;

— feisteáin píobáin plaisteach le haghaidh an chórais iompair uisce the agus fhuair, déanta as poileitiléin ag a bhfuil friotaíocht in aghaidh ardteochta (PE-RT);

— umar stórála bundaithe múnlaithe go rothlach déanta as poileitiléin;

— nascóir chun struchtúir choincréiteacha atá ann cheana a neartú le forleagan coincréite: iompar faoi ghníomh seismeach;

— stodaí snáithithe chun ábhar a nascadh le baill struchtúracha cruach agus alúmanaim;

— ceangail chun córais ilchodacha inslithe theirmigh seachtracha a fheistiú ar thógálacha adhmaid.

(3) Na Doiciméid um Measúnú Eorpach a ghlac eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil, comhlíonann na ceanglais atá le comhlíonadh maidir leis na buncheanglais i leith oibreacha foirgníochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na Doiciméid um Measúnú Eorpach sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) Cheartaigh eagraíocht na gComhlachtaí um Measúnú Teicniúil an teideal ar an Doiciméad um Measúnú Eorpach le haghaidh na dtáirgí foirgníochta seo a leanas: scannáin lena n-úsáid mar dhíon nó mar fhorleagan balla, nó an dá úsáid, tríd an tagairt don tsonraíocht theicniúil ionadaithe a chur leis. Dá bhrí sin, is iomchuí an ró comhfhreagrach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún ([2]) a leasú.

(5) Is de bhun Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 a fhoilsítear an liosta tagairtí do Dhoiciméid um Measúnú Eorpach le haghaidh táirgí foirgníochta. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tagairtí do Dhoiciméid nua um Measúnú Eorpach a chur leis an liosta sin.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/450 a leasú dá réir sin.

(7) Ionas gur féidir na Doiciméid um Measúnú Eorpach a úsáid a luaithe is féidir, chun gur féidir leis na monaróirí a bhfuil Measúnú Teicniúil Eorpach acu cheana a dtáirge a chur ar an margadh, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 ón gCoimisiún an 19 Márta 2019 maidir le foilsiú na nDoiciméad um Measúnú Eorpach (EADanna) le haghaidh táirgí foirgníochta arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 77, 20.3.2019, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/450/oj).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/450 mar a leanas:

(1) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach de réir ord na n-uimhreacha tagartha:

‘030588-00-1202	Sciath poileitiléin-bhunaithe trí chiseal chun píopaí cruach a chosaint ó chreimeadh’
‘040685-00-1201	Mataí inslithe de dhéantús monarcha déanta as snáithíní gloine agus silice éagruthach’
‘041094-00-1201	Táirgí cúir polúireatáin dhocht cille-oscailte (PUR) cúir poilisicianúráite (PIR) le haghaidh trealamh tógála agus suiteálacha tionsclaíocha’
‘060015-00-0802	Feisteáin simléir le líneálach múcháin cré nó ceirmeach le hinsliú teirmeach méadaithe cóngarach dó nó ballaí seachtracha ceangailte le greamachán polúireatán-bhunaithe nó teaglaim den dá rud’
‘070001-02-0504	Cláir phlástar gipseam, cláir gipseam ag a bhfuil treisiú snáithíneach agus cláir ghloine leathnaithe ag a bhfuil treisiú snáithíneach chun eilimintí foirgníochta a chlúdach agus a líneáil (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 070001-01-0504’)’
‘090062-01-0404	Feisteáin le haghaidh cumhdaigh ballaí seachtracha atá feistithe go meicniúil (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 090062-00-0404’)’
‘090097-00-0404	Feisteáin le haghaidh cumhdaigh ballaí seachtracha atá greamaithe le gliú don fho-fhráma’
‘090125-00-0404	Feisteáin le haghaidh cumhdaigh ballaí seachtracha le heilimintí cumhdaigh dochta ilchodacha’
‘130006-00-0304	Slata greamaithe le gliú le haghaidh naisc adhmaid’
‘160015-00-0102	Feisteáin chun ancaire carraige agus ithreach a thógáil – Feisteáin le barraí snáithe déanta as cruach nó cruach réamhstrusála’
‘160086-00-0301	Feisteáin chun eilimintí coincréite a neartú trí stiallacha polaiméire treisithe snáithíní carbóin atá nasctha go seachtrach’
‘180026-00-0704	Comhlaí folúis le húsáid i gcórais séarachais’
‘200126-00-0302	Córais cosanta creimthe le téipeanna fillte le haghaidh comhpháirteanna ualachiompartha miotalacha’
‘200188-00-1202	Péint fhrithchreimneach le haghaidh cruaiche’
‘220034-00-0607	Córais cúplála tíleanna dín’
‘220078-00-0401	Feisteáin le haghaidh díonta glasa ag a bhfuil eilimintí dín ghlais déanta as plaisteach agus maille lena fheistí suiteála’
‘220089-00-0401-v01	Feisteáin dín agus bhalla féintacaithe thréshoilseacha le clúdach déanta as leatháin phlaisteacha, lena n-áirítear leatháin theimhneacha’
‘220106-00-0402	Díon cruach tanaí agus painéil chumhdaigh balla’
‘220122-00-0401	Fuinneoga síleála agus gléasanna soilsithe lae síleála’
‘220150-00-0401	Fuinneog dín le eilimint bhalcóin chomhtháite’
‘260010-00-0301	Snáithíní le haghaidh snáithíní coincréite - snáithíní cruach arna n-aisghabháil ó bhoinn a bhfuil a ré caite’
‘280009-00-0802	Feisteáin píobáin plaisteach le haghaidh an chórais iompair uisce the agus fhuair, déanta as poileitiléin ag a bhfuil friotaíocht in aghaidh ardteochta (PE-RT)’

‘280017-00-0109	Umar stórála bundaithe múnlaithe go rothlach déanta as poileitiléin’
‘332347-00-0601-v01	Nascóir chun struchtúir choincréiteacha atá ann cheana a neartú le forleagan coincréite: iompar faoi ghníomh seismeach’
‘333037-00-0602	Stodaí snáithithe chun ábhar a nascadh le baill struchtúracha cruach agus alúmanaim’
‘333256-00-0603	Ceangail chun córais ilchodacha inslithe theirmigh seachtracha a fheistiú ar thógálacha adhmaid’.

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ina bhfuil an uimhir thagartha 030218-01-0402:

‘030218-01-0402	Scannáin lena n-úsáid mar dhíon nó mar fhorleagan balla, nó an dá úsáid (a chuirtear in ionad shonraíocht theicniúil ‘EAD 030218-00-0402’)’